# Leabharlannaí Dlí
# in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
# - Conradh ar théarma seasta 2 bliain

## Forbhreathnú ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Is é bunfheidhm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí treoir agus maoirseacht ionchúiseamh poiblí agus ábhair choiriúla ghaolmhara. Faightear formhór na gcásanna a ndéileálann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leo ón nGarda Síochána, an phríomhghníomhaireacht imscrúdaithe náisiúnta. Mar sin féin, déanann gníomhaireachtaí imscrúdaithe speisialaithe roinnt cásanna a tharchur chuig an Oifig lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

Tá ceithre rannóg dlí in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

Cinneann **An Rannán Stiúrtha,** tar éis scrúdú a dhéanamh ar chomhad imscrúdaithe, ar cheart ionchúiseamh a dhéanamh nó ar cheart ionchúiseamh a thionscain an Garda Síochána a choinneáil.

Soláthraíonn **An Rannán Aturnaetha**, faoi cheannas an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, seirbhís aturnae don Stiúrthóir agus é ag ullmhú agus ag cur i láthair cásanna i gCúirteanna Coiriúla Dúiche agus Cuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc agus san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach.

Cuimsítear **sa Rannán Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh** Aonad Idirchaidrimh Íospartach, an tAonad Idirnáisiúnta ina ndéileáiltear le réimsí den dlí coiriúil idirnáisiúnta agus an tAonad um Beartas Ionchúiseamh agus Taighde a sholáthraíonn seirbhísí leabharlainne agus faisnéise, straitéisí bainistíochta eolais agus seirbhísí taighde dlí, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt an bheartais dlí.

Tá **An Rannán Riaracháin** freagrach as na seirbhísí eagrúcháin, bonneagair, riaracháin agus faisnéise a éilíonn an Oifig agus soláthraíonn sé tacaíocht freisin do na Rannáin Stiúrtha, Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh agus Aturnaetha.

## An Ról

Is é cuspóir na Leabharlainne in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí seirbhís faisnéise a bheidh tráthúil, éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar agus a fhreastalaíonn ar riachtanais faisnéise agus saineolais na hOifige. Áirítear ar na príomhsheirbhísí soláthar acmhainní dlí clóite agus leictreonacha, atá tacaithe ag córas bainistíochta leabharlainne Soutron agus réimse seirbhísí feasachta agus saineolais reatha. Tá ról lárnach ag an Leabharlann chomh maith maidir le tacú le cur chun feidhme Straitéis Bainistithe Faisnéise Dlí na hOifige agus páirt a ghlacadh ann, lena n-áirítear cuidiú le córas bainistithe faisnéise dlí atá bunaithe ar SharePoint na hOifige a chothabháil agus cur le tionscnaimh bhainistíochta faisnéise dlí agus tacú leo.

Agus soláthar na Seirbhíse Leabharlainne agus Faisnéise in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí á bhainistiú, áireofar an méid seo a leanas ar phríomhdhualgais an Leabharlannaí Dlí:

- Bainistíocht fhoriomlán ar sheirbhísí leabharlainne agus faisnéise d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.
- Freagracht as bainistíocht, forbairt, maoirseacht agus oiliúint fhoireann na leabharlainne.
- Bainistíocht ar chórais bogearraí uile na leabharlainne lena n-áirítear catalóg leabharlainne atá bunaithe ar Soutron, agus freagracht as tionscadail a bhaineann le forbairt ardán a phleanáil agus a chur i gcrích agus as uasghrádú ar an gcóras. Bheadh taithí ar bheith ag obair ar Soutron ina buntáiste.
- Beartas forbartha bailiúcháin a athbhreithniú agus a nuashonrú chun teacht le hinfhaighteacht acmhainní i bhformáidí éagsúla agus chun freastal ar riachtanais na n-úsáideoirí atá ag athrú.
- An buiséad bliantúil agus athbhreithnithe airgeadais eile a phleanáil agus a chur chun feidhme de réir mar is gá.
- Scanadh comhshaoil, monatóireacht ar na meáin agus monatóireacht ar fhorbairtí dlí a bhaineann le hobair Ionchúisitheoirí.
- Cur le seirbhísí agus foilseacháin feasachta inmheánacha reatha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.
- Cuidiú le cur chun feidhme Straitéis Bainistíochta Eolais Dlí Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.
- Cur le forbairt agus cothabháil chóras bainistithe faisnéise Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí atá bunaithe ar SharePoint. Bheadh taithí ar bheith ag obair ar SharePoint agus Legal Search Connect ina bhuntáiste.
- Forbairt agus soláthar oiliúna scileanna faisnéise do bhaill foirne dlí a bhainistiú.
- Naisc ghairmiúla le leabharlannaithe eile atá ag obair sa timpeallacht dlí a choinneáil agus a chothú.
- Dualgais ar bith eile a shannfaí ó am go ham, mar atá ábhartha don phost seo.

## Bunriachtanais

Ní foláir, amhail an 5 Samhain 2021 nó roimhe sin, go bhfuil na nithe a leanas ag iarratasóirí:

1. Céim bhunaidh onóracha (ar leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí), **agus**
2. Cáilíocht iarchéime i Staidéar Leabharlainne agus Faisnéise **agus**
3. Taithí iarcháilíochta 2 bhliain ar a laghad ar a bheith ag obair i dtimpeallacht Leabharlainne agus Faisnéise.

hiarratasóirí is fearr a léirigh gur chomhlíon siad na riachtanais don ról mar atá leagtha amach sa leabhrán faisnéise.

D'fhonn a bheith ar an ngearrliosta, beifear ag súil go mbeidh fianaise mhaith ann chun tacú le gach ceann de na hinniúlachtaí i.e.:

- tá na samplaí a chuir an t-iarratasóirí ar aghaidh ar leibhéal iomchuí;
- tá fianaise ann maidir le rannchuidiú pearsanta sna samplaí a cuireadh ar fáil;
- léiríonn na samplaí fianaise ar go leor de na táscairí feidhmíochta éifeachtacha a aibhsíodh sna tuairiscí inniúlachta; agus
- léiríonn an t-iarratas tuiscint ar na dúshláin atá roimh an iarrthóir sa ról seo.

**<u>Agallamh</u>**

Ceapfar Bord Agallaimh, ar a mbeidh comhaltaí ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ball seachtrach. Ag an agallamh, féadfaidh an Bord Agallaimh iarratasóirí a cheistiú faoina gcuid eolais agus taithí a bhaineann le haon cheann de na hinniúlachtaí nó na bunriachtanais mar atá leagtha amach sa Leabhrán Faisnéise agus faoi aon cheann de na samplaí a chuirtear ar fáil ina n-iarratas.

Mar gheall ar an bpaindéim COVID-19, déanfar agallaimh don chomórtas seo trí úsáid a bhaint as bogearraí físchomhdhála.

Is dócha go dtionólfar agallaimh le haghaidh na bpost seo i mí na Samhna / mí na Nollag 2021. Tá an dualgas ar gach iarrthóir chun a áirithiú go bhfaigheann sé/sí gach cumarsáid ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Ba cheart go mbeadh iarratasóirí ar fáil ar an dáta(na dátaí) atá sonraithe ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil na sonraí teagmhála ar an bhfoirm iarratais ceart.

Bronnfar na marcanna a thaispeántar sa Leabhrán Faisnéise ar gach ceann de na hinniúlachtaí agus cuirfidh siad ábhar na foirme iarratais agus an agallaimh san áireamh.

Níl sé i gceist an t-agallamh nó an fhoirm iarratais a scóráil ar leithligh le linn an phróisis roghnúcháin dheiridh.

**<u>An Scéim Mharcála</u>**

Déanfar gach iarrthóir a mheas faoi na ceithre cheannteideal a thaispeántar sa tábla thíos. Bronnfar 50 marc ar a mhéad faoi gach ceannteideal. Agus marcanna á ndámhachtain, tabharfaidh an bord roghnúcháin aird ar leith ar ghnóthachtálacha a leagann iarratasóirí béim orthu agus a bhfuil baint shoiléir acu le tosaíochtaí na hOifige mar atá mínithe i Ráiteas Straitéise 2019 – 2021.

| Inniúlacht | Marc |
|---|---:|
| 1. Eolas Speisialtóra, Saineolas agus Féinfhorbairt | 50 |
| 2. Scileanna Anailísithe agus Cinnteoireachta | 50 |
| 3. Seachadadh na dTorthaí | 50 |
| 4. Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide | 50 |

Cuirfidh an marc do gach inniúlacht ábhar na foirme iarratais agus an agallaimh san áireamh.

Tá níos mó sonraí maidir leis na hinniúlachtaí atá á lorg le fáil in **Aguisín 1.** Agus samplaí á soláthar

## Aguisín 1 – Inniúlachtaí

**Inniúlachtaí ar Leibhéal Oifigigh Riaracháin**

**Eolas Speisialtóra, Saineolas agus Féinfhorbairt**

- Tá an saineolas riachtanach aige nó aici chun an ról a chomhlíonadh ar ardchaighdeán;
- Tuigeann sé nó sí go soiléir ról agus cuspóirí na hOifige agus an dóigh a n-oireann siad don chóras ceartais choiriúil;
- Bíonn sé nó sí réamhghníomhach maidir le coinneáil cothrom le dáta ar shaincheisteanna agus ar phríomhfhorbairtí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a réimse féin;
- Coinníonn sé nó sí fócas láidir ar fhéinfhorbairt, ag lorg aiseolais agus deiseanna chun fáis.

**Scileanna Anailísithe agus Cinnteoireachta**

- Tá scileanna aige nó aici maidir le hanailísiú agus forbairt ar bheartais, ag cur dúshláin ar an eagna sheanbhunaithe agus ag glacadh le cur chuige oscailte;
- Beidh tuiscint aige nó aici go tapa ar chás casta, ag tabhairt isteach go tapa an fhaisnéis/na sonraí ábhartha go léir (i scríbhinn agus ó bhéal);
- Aithníonn sé nó sí príomhthéamaí agus patrúin i bhfoinsí éagsúla faisnéise agus trasna foinsí éagsúla, ag teacht ar choncluidí fónta agus cothromaithe;
- Feiceann sé nó sí na himpleachtaí loighciúla a bhaineann le seasamh áirithe a ghlacadh ar shaincheist;
- Tá sé nó sí seiftiúil agus cruthaitheach, ag giniúint cuir chuige bunaidh agus fadhbanna á réiteach agus cinntí á ndéanamh.

**Seachadadh na dTorthaí**

- Glacann sé nó sí freagracht phearsanta as cuspóirí/spriocanna comhaontaithe agus cuireann sé nó sí i gcrích iad;
- Déanann sé nó sí bainistiú agus dul chun cinn ar iliomad tionscadal agus gníomhaíochtaí oibre go rathúil;
- Déanann sé nó sí paraiméadair ama do thionscadail a mheas go cruinn agus déanann sé nó sí a c(h)uid ama féin a bhainistiú go héifeachtúil, ag súil le constaicí agus ag déanamh teagmhais chun iad sin a shárú;
- Coinníonn sé nó sí fócas láidir ar riachtanais na ngeallsealbhóirí a chomhlíonadh i gcónaí;
- Cinntíonn sé nó sí go ndéanfar gach aschur a sholáthar ar ardchaighdeán agus ar bhealach éifeachtach;
- Úsáideann sé nó sí acmhainní go héifeachtach, ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin na bpróiseas i gcónaí chun éifeachtúlacht a fheabhsú.

**Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide**

- Déanann sé nó sí cumarsáid ar bhealach líofa, loighciúil, soiléir agus áititheach ó bhéal agus i scríbhinn;
- Tá sé nó sí in ann éisteacht go héifeachtach agus idirphlé dhá bhealach a fhorbairt go tapa;
- Coinníonn sé nó sí fócas láidir ar riachtanais geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha a chomhlíonadh;
- Bíonn tionchar éifeachtach aige nó aici ar dhaoine eile chun dul i mbun gníomhaíochta;
- Oibríonn sé nó sí chun comhthuiscint a bhunú d'fhonn comhoibriú a cheadú;